

Ag oibriú le héascaitheoirí seachtracha

Tá réimse daoine aonair agus eagraíochtaí ann a bhfuil saineolas acu i gcúrsaí OSPS agus OCG a d'fhéadfaidís cur agus tacú leis an bhfoghlaim agus an teagasc san ábhar seo agus iad sin a fheabhsú. Is gá duit machnamh agus ullmhúchán cúramach a dhéanamh sula n-iarrann tú ar aoi-éascaitheoir teacht chuig do sheomra ranga. Sa cháipéis treorach seo, leagtar amach roinnt de na príomhcheisteanna agus de na príomhghnéithe nach mór a bheith ar an airdeall fúthu agus cinneadh á dhéanamh agat tacaíocht sheachtrach a thabhairt isteach.

Is féidir teacht ar threoir dhea-chleachtas d'iar-bhunscoileanna atá ag oibriú le héascaitheoirí seachtracha (mar aoichainteoirí nach dtagann ach aon uair amháin agus mar aoichainteoirí a chuireann clár ar fáil thar thréimhse ama araon) i gCiorclán 0043/2018 na Roinne Oideachais ag [an nasc seo](#).

Príomhcheisteanna

An bhfuil gá leis an éascaitheoir seachtrach?

Go ginearálta, is é nó í an múinteoir ranga cáilithe an gairmí is fearr chun oibriú go híogair seasta leis an scoláire agus, más féidir, ba cheart do bhaill den fhoireann teagaisc, a bhfuil oiliúint in OSPS/OCG orthu (a bhuí le forbairt ghairmiúil leanúnach ábhartha a chuir siad i gcrích), ba cheart dóibh siúd OSPS/OCG a chur ar fáil. É sin ráite, in amanna, d'fhéadfadh sé tarlú go bhféadfadh an t-éascaitheoir seachtrach tuilleadh saineolais a chur ar fáil a thacódh leis an bhfoghlaim agus an teagasc in OSPS. Sna cúinsí sin, bheadh sé oiriúnach oibriú le héascaitheoir seachtrach.

Cé na daoine ar cheart dom iad a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú?

Ba cheart don phríomhoide agus don bhord bainistíochta, i gcomhar le baill ábhartha den fhoireann teagaisc, éascaitheoirí seachtracha a fhaomhadh. Ba

cheart don éascaitheoir seachtrach na hábhair uile atá beartaithe aige nó aici lena n-úsáid a roinnt leis an bpríomhoide agus leis an mbord roimh ré. Chomh maith leis sin, ba cheart baill ábhartha den fhoireann scoile a chur ar an eolas faoi shonraí an chlár a chuirfidh an t-éascaitheoir seachtrach ar siúl le gurbh fhéidir leo a bheith ar an airdeall faoi, agus mothálach ar, aon scoláire a d'fhéadfadh tacaíocht leantach a bheith uaidh nó uaithi. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas roimh ré faoi ábhar na gclár arna gcur ar fáil ag éascaitheoirí seachtracha. Sa chaoi sin, bheadh deis áisiúil acu an t-ábhar a phlé lena bpáiste.

An bhfuil an t-éascaitheoir seachtrach ag cur agus ag tacú le cur chuige cuimsitheach atá beartaithe i leith OSPS?

De réir taighde, ní dócha go mbeadh tionchar dearfach fadtéarmach ag ionchur aon uaire nár beartaíodh mar chuid de chlár iomlán. Le go mbeadh an t-ionchur seachtrach éifeachtach, ní mór dó a bheith mar chuid de chlár comhtháite foghlama a dtugtar comhthéacs leis. Ba cheart don mhúinteoir agus don éascaitheoir/aoichainteoir ionchur den sórt a cheapadh i gcomhpháirt le chéile agus ba cheart réamhcheachtanna agus ceachtanna leantacha a bheith mar chuid de. Ar an gcaoi sin, bheadh an scoláire in ann é/í féin a ullmhú don chuirteoir agus bheadh an deis aige nó aici an taithí foghlama a bhriseadh síos agus machnamh a dhéanamh uirthi tar éis dó/di an scoil a fhágáil.

An bhfuilim cinnte go bhfuil creat dearfach leagtha amach don chur chuige atá beartaithe agus go dtacódh sé le folláine an scoláire?

Ba cheart cur le gnéithe cosanta sa chur chuige a ghactar óir is gnéithe iad sin a fhágann go mbeadh claonadh ar an scoláire dul i muintín scileanna saoil dearfacha. Leis seo, chabhrófaí leis an scoláire muintín a

Ag oibriú le héascaitheoirí seachtracha

bheith aige/aici as an gcumas atá ann/inti dul i ngleic le rud ar bith atá amach roimhe/roimpi, chuirfí ar a súile aige/aici gurb é/í féin atá i gceannas ar an saol atá os a c(h)omhair amach (mothú féinéifeachtúlachta), agus lasfaí splanc dóchais ann/inti. Níor cheart úsáid a bhaint as bearta suaite ná bearta scanraithe sa chlár ná níor cheart iarracht a dhéanamh ann dul i ngleic le hábhair íogaire amhail meabhairshláinte, féinmharú, féinchochar ná neamhoird itheacháin gan an cúram agus an saineolas cuí.

An bhfuilim cinnte go bhfuil an cur chuige atá beartaithe suas chun dáta, bunaithe ar fhianaise agus ábhartha ó thaobh thaithí saoil an scoláire?

Ba cheart ábhar atá bunaithe ar fhianaise atá fíorasach agus suas chun dáta a chur ar fáil sa chur chuige, ábhar atá cothromaithe le deiseanna don scoláire a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phlé agus sa mhachnamh agus páirt ghníomhach a ghlacadh ina f(h)oghlaim féin ionas gur féidir leis/léi an méid atá foghlamtha aige/aici a chur i bhfeidhm ina s(h)aol féin. Ba cheart an t-ábhar agus na modheolaíochtaí a bheith oiriúnach do stad forbartha an scoláire. Ná déan dearmad gur minic a chuireann scoláirí síos ar a gcuid foghlama in OSPS/OCG mar “neamhleor agus ródhéanach”.

Dá dtógfainn éascaitheoir seachtrach isteach, an gcuirfí le mo chumas mar mhúinteoir OSPS?

Ba cheart é a bheith mar aidhm agat i gcónaí, i dteannta tacú le foghlaim an scoláire in OSPS, tógáil ar chumas an mhúinteora chomh maith. Agus tú rannpháirteach i bpleanáil an tseisiúin agus tú i láthair sa rang lena linn (agus an seisiún nó codanna de á gcomhéascú agat, b'fhéidir), chuirfeá in iúl don scoláire go bhfuil an t-ábhar seo rithábachtach dá c(h)uid foghlama agus chuirfí d'acmhainn agat, mar mhúinteoir, cur le do chuid tuisceana agus scileanna

féin, taobh leis an scoláire. Ar an gcaoi sin, le himeacht aimsire, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeifeá in ann an t-ábhar a éascú ina iomláine, gan gá le tacaíocht sheachtrach.

Cén áit ar féidir liom éascaitheoirí seachtracha oiriúnacha a aimsiú?

D'fhéadfá an saineolas atá uait a aimsiú laistigh de do phobal áitiúil, mar shampla trí dhul i dteagmháil le d'ionad sláinte nó le d'ionad sláinte ghnéis áitiúil. Anuas air sin, cuireann roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha éascaitheoirí ar fáil a bhfuil saineolas orthu ar shainábhair agus a oibríonn laistigh de scoileanna agus de shuíomhanna óige. Má tá treoir ó mhúinteoirí maidir le conas teacht ar thacaíocht, is féidir leo dul i dteagmháil leis na seirbhísí tacaíochta ábhartha sa Roinn Oideachais nó leis an bhFoireann um Chur chun Cinn na Sláinte faoi Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ina gceantar áitiúil.

Cén chaoi ar cheart dúinn athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an úsáid a bhainimid as éascaitheoirí seachtracha?

Ba cheart éascaitheoirí seachtracha a chur faoi mheasúnú an scoláire agus an mhúinteora ó thaobh: a) ábhar an cheachta, b) modheolaíocht agus c) an méid a foghlaimíodh.

Ag oibriú le héascaitheoirí seachtracha

Ceisteanna don mhúinteoir lena meas

- Céard ar éirigh go maith leis? Céard nár éirigh rómhaith leis?
- An raibh an t-ábhar ábhartha agus spreagúil don scoláire?
- Ar éirigh leis na modheolaíochtaí? Ar chuir siad ar chumas an scoláire a bheith rannpháirteach go gníomhach ina c(h)uid foghlama?
- Ar éirigh linn na torthaí foghlama a rabhamar ag súil leo a bhaint amach tríd an seisiún? Cá bhfios dúinn?
- Cé na hathruithe a chuirfimis i bhfeidhm dá mbeimis leis an seisiún a thairiscint do ghrúpa scoláirí eile?

Ceisteanna don scoláire lena meas

- Cén rud ba mhó tairbhe nó spéise duit sa seisiún?
- Cén rud ba lú tairbhe nó spéise duit sa seisiún?
- An molfá an seisiún seo do bhliainghrúpa eile?
- Dá mbeifeá le tabhairt faoin seisiún arís, cén t-aiseolas a thabharfá don éascaitheoir chun é a fheabhsú?

Sampla de chleachtas éifeachtach

Tá sé cruthaithe gur cleachtas éifeachtach don mhúinteoir é: machnamh a dhéanamh ar an aonad foghlama é/í féin ar dtús agus an t-aonad a phleanáil; ansin, i dtreo dheireadh an aonaid foghlama, iarraidh ar aoi teacht chun an ranga. Más ann do dhearéamhphleanáil, d'fhéadfadh an t-aoi teacht agus cabhrú leis an rang aghaidh a thabhairt ar aon cheist a tháinig aníos nár fuasclaíodh go fóill agus d'fhéadfadh sé/sí saineolas breise nó aon taithí atá aige/aici a bhaineann leis an ábhar a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé/sí tacaíochtaí agus seirbhísí áitiúla a lua leis na scoláirí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth orthu, nó ar chara leo, uair éigin ina saol. Seo a leanas roinnt samplaí de dhaoine a d'fhéadfadh tacú le OSPS ar an dóigh sin: seirbhísí meabhairshláinte, altra nó dochtúir ginearálta, ball den Gharda Síochána nó an Tascfhórsa um Dhrugaí agus Alcól i do cheantar áitiúil agus roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Gnéithe tábhachtacha eile

- Is gá do gach éascaitheoir seachtrach dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus ní mór dóibh cloígh le beartas na scoile um chosaint leanaí agus le beartais agus nósanna imeachta eile sa scoil atá ábhartha.
- Ba cheart cláir a bheith curtha ar fáil ag éascaitheoirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu oibriú laistigh de réimse sonrath an ábhair agus leis na scoláirí a bhfuil na cláir ceaptha dóibh.
- Ba cheart do na héascaitheoirí a léiriú go bhfuil tuiscint chuí acu ar churaclam OSPS agus a bheith in ann a gcuid oibre a nascadh le torthaí foghlama ábhartha faoi raon churaclam OSPS.